Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2017**
**(OR. fr)**

**14773/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0393 (COD)**

**CODEC 1890**
**STATIS 84**
**REGIO 114**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 i dtaca le típeolaíochtaí críochacha (Tercet) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 13 Nollaig 2016, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 338(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 29 Márta 2017[2]. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ar an 13 Iúil 2017[3].

3. An 14 Samhain 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 15597/16.
[2] IO C 209, 30.6.2017, lch. 71.
[3] IO C 342, 12.10.2017, lch. 74.
[4] 14256/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 49/17, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.